AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 15 Iúil 2020
(OR. en)

2020/0099 (COD)
LEX 2017

PE-CONS 23/1/20
REV 1

AG 30
INST 110
POLGEN 74
CODEC 497

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE LENA LEAGTAR SÍOS BEARTA SEALADACHA MAIDIR LEIS NA TEORAINNEACHA AMA LE hAGHAIDH NA gCÉIMEANNA BAILIÚCHÁIN, FÍORÚCHÁIN AGUS SCRÚDÚCHÁIN DÁ bhFORÁILTEAR I RIALACHÁN (AE) 2019/788 MAIDIR LEIS AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH I bhFIANAISE RÁIG COVID-19

**RIALACHÁN (AE) 2020/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 15 Iúil 2020**

**lena leagtar síos bearta sealadacha maidir leis na teorainneacha ama le haghaidh na gcéimeanna bailiúcháin, fíorúcháin agus scrúdúcháin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/788 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh i bhfianaise ráig COVID-19**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 24 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

1 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Iúil 2020 [(IO …)/(nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil)] agus cinneadh ón gComhairle an 14 Iúil 2020.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 11 Márta 2020, d'fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur paindéim dhomhanda a bhí i ráig COVID-19. Tá na Ballstáit buailte go drámatúil eisceachtúil ag iarmhairtí na paindéime sin. Tá sraith beart sriantach déanta acu chun tarchur COVID-19 a chosc nó a mhoilliú, lena n-áirítear bearta dianghlasála chun saorghluaiseacht a saoránach a shrianadh, imeachtaí poiblí a thoirmeasc, agus siopaí, bialanna agus scoileanna a dhúnadh. Tá an saol poiblí ina stad i ngach Ballstát nach mór mar gheall ar na bearta sin.

(2) Tá tionchar tromchúiseach, ar ndóigh, ag na bearta a rinne na Ballstáit ar thionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh. Chun go mbeidh tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh ("tionscnaimh") bailí, cuirtear ceangal le Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] ar na heagraithe 1 mhilliún ráiteas tacaíochta ar a laghad a bhailiú in aon cheathrú ar a laghad de na Ballstáit laistigh de 12 mhí. Mar gheall ar na bearta a rinneadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, is deacra i bhfad go háirithe ráitis tacaíochta i bhfoirm páipéir a bhailiú, dul i mbun feachtais go háitiúil agus imeachtaí poiblí a eagrú, nithe a bhfuil tábhacht mhór leo le haghaidh tionscnamh rathúil.

[1] Rialachán (AE) 2019/788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh (IO L 130, 17.5.2019, lch. 55).

(3) Tá oibleagáidí dlíthiúla áirithe ar na Ballstáit agus ar institiúidí an Aontais freisin faoi Rialachán (AE) 2019/788. Tá na hoibleagáidí sin faoi réir teorainneacha ama daingne nach gceadaítear aon mhaolú orthu le Rialachán (AE) 2019/788.

(4) Leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, deonaítear an ceart do shaoránaigh den Aontas dul i dteagmháil leis an gCoimisiún chun a iarraidh air togra le haghaidh gníomh dlí de chuid an Aontais a thíolacadh chun críche na Conarthaí a chur chun feidhme. Tá an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh ar cheann de na príomhionstraimí atá ag saoránaigh den Aontas chun páirt a ghlacadh, ar bhealach éasca inrochtana, sa díospóireacht dhaonlathach pholaitiúil faoin Aontas agus chun na saincheisteanna is mó tábhacht dóibh a chur ar chlár oibre an Aontais.

(5) Sna himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair agus go háirithe mar gheall ar na bearta a rinne na Ballstáit mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, tá gá le bearta sealadacha chun éifeachtacht an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh mar ionstraim a chaomhnú, agus chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar maidir le faduithe a d'fhéadfaí a chur leis na teorainneacha ama is infheidhme.

(6) Ionas go mbeidh na Ballstáit in ann leanúint d’fhaireachán agus rialú a dhéanamh ar staid na sláinte poiblí, tá sé curtha in iúl acu gur de réir a chéile, agus ar an mbealach sin amháin, a laghdóidh siad leibhéal na srianta a tugadh isteach leis na bearta a rinneadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19. Is iomchuí, dá bhrí sin, an tréimhse le haghaidh bhailiú na ráiteas tacaíochta a fhadú sé mhí, lena gcumhdaítear an tréimhse dar tús an 11 Márta 2020, nuair a d’fhógair an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur paindéim a bhí i ráig COVID-19. Tá an fadú sin bunaithe ar an toimhde go mbeidh bearta i bhfeidhm, le linn na chéad sé mhí ar a laghad ón 11 Márta 2020, ag aon cheathrú ar a laghad de na Ballstáit nó ag roinnt Ballstát ina bhfuil breis agus 35 % de dhaonra an Aontais, bearta lena gcuirfear bac mór ar chumas na n-eagraithe ráitis tacaíochta i bhfoirm páipéir a bhailiú agus dul i mbun feachtais go háitiúil. An uastréimhse bhailiúcháin le haghaidh ráitis tacaíochta le haghaidh tionscnaimh ar ina leith a bhí an tréimhse bhailiúchán fós ar siúl an 11 Márta 2020, ba cheart í a fhadú sé mhí dá bhrí sin. Ina theannta sin, i gcás tionscnaimh ar ina leith a cuireadh tús leis an tréimhse bhailiúcháin idir an 11 Márta agus an 11 Meán Fómhair 2020, ba cheart an tréimhse bhailiúcháin a fhadú go dtí an 11 Meán Fómhair 2021.

(7) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, agus ós rud é gur deacair an tráth a thiocfaidh deireadh leis an bpaindéim san Aontas a thuar, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an tréimhse bhailiúcháin a fhadú tuilleadh i leith tionscnaimh ar ina leith atá an tréimhse bhailiúcháin fós ar siúl an 11 Meán Fómhair 2020 i gcás ina bhfuil bearta mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 fós ann tar éis an dáta sin in aon cheathrú ar a laghad de na Ballstáit nó i roinnt Ballstát ina bhfuil breis agus 35 % de dhaonra an Aontais, ar bearta iad a chuireann bac mór ar chumas na n-eagraithe ráitis tacaíochta i bhfoirm páipéir a bhailiú agus an pobal a chur ar an eolas faoi na tionscnaimh atá fós ar siúl acu. Leis an bhfadú sé mhí a chuirtear leis an tréimhse bhailiúcháin dá bhforáiltear leis an Rialachán seo, ba cheart am leordhóthanach a thabhairt don Choimisiún a chinneadh an bhfuil bonn cirt leis an tréimhse bhailiúcháin a fhadú tuilleadh. Leis na cumhachtaí cur chun feidhme sin, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh freisin chun an tréimhse bhailiúcháin a fhadú i gcás géarchéim nua sláinte poiblí a bhaineann le ráig nua COVID-19, ar choinníoll go bhfuil bearta ar dócha go mbeidh an éifeacht chéanna acu déanta ag aon cheathrú ar a laghad de na Ballstáit nó roinnt Ballstát ina bhfuil breis agus 35 % de dhaonra an Aontais. Agus na gníomhartha cur chun feidhme sin á nglacadh aige, ba cheart don Choimisiúin na tionscnaimh lena mbaineann a léiriú, in éineacht le dáta deiridh nua a dtréimhsí bailiúhcáin tar éis aon fhaduithe a deonaíodh, chomh maith leis na himthosca fíorasacha lena dtugtar bonn cirt le faduithe den sórt sin a dheonú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

[1] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(8) Sa mheasúnú a dhéanan sé sula nglacann sé gníomhartha cur chun feidhme lena ndeántar an tréimhse bhailiúcháin a fhadú, ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh an gcuireann na bearta a rinne na Ballstáit mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 nó mar fheagairt ar ráig nua COVID-19 bac mór ar chumas na n-eagraithe ráitis tacaíochta i bhfoirm páipéir a bhailiú agus dul i mbun feachtais go háitiúil.

(9) Ba cheart don Choimisiún eagraithe na dtionscnamh lena mbaineann agus na Ballstáit a chur ar an eolas faoi aon fhadú a chuirtear leis an tréimhse bhailiúcháin in éineacht le dáta deiridh nua na tréimhse bailiúcháin i leith gach tionscnaimh lena mbaineann. I gcomhréir leis an oibleagáid atá ar an gCoimisiún eolas a thabhairt faoi Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/788, ba cheart na dátaí deiridh nua sin a chur in iúl sa chlár ar líne agus ar an suíomh gréasáin poiblí faoin tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh

(10) Na bearta a rinne na Ballstáit mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, d'fhéadfaidís difear mór a dhéanamh do chumas na n-údarás inniúil fíorú na ráiteas tacaíochta le haghaidh tionscnamh ar leith a chríochnú laistigh den teorainn ama 3 mhí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/788. Mar shampla, d'fhéadfadh níos lú ball foirne a bheith ar fáil, nó d'fhéadfadh cúraimí breise agus freagrachtaí breise a bheith ar na húdaráis inniúla de thoradh na paindéime.

(11) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, d'ainneoin na mbeart a rinneadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, go bhfeidhmeoidh a gcórais riaracháin mar is gnách a mhéid is féidir. Mar sin féin, in imthosca eisceachtúla, ba cheart cead a bheith ag Ballstát iarraidh réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le fadú a chur leis an tréimhse fíorúcháin. Ba cheart bunús a thabhairt leis an iarraidh agus ba cheart éifeachtaí na mbeart a bhaineann leis an bpaindéim ar fheidhmiú údaráis inniúla an Bhallstáit sin a chur san áireamh inti freisin. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an fadú iarrtha a dheonú. Níor cheart an fadú a bheith níos faide ná an tréimhse fíorúcháin thosaigh.

(12) De bharr na mbeart a rinne na Ballstáit mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, d’fhéadfadh sé a bheith deacair d’institiúidí an Aontais cruinnithe le heagraithe nó éisteachtaí poiblí a eagrú i dtaca le tionscnaimh bhailí a scrúdú sa Bhallstát ina bhfuil sé beartaithe acu cruinnithe nó éisteachtaí den sórt sin a eagrú. I gcásanna den sórt sin, ba cheart cead a bheith ag na hinstitiúidí na cruinnithe nó na héisteachtaí sin a chur siar go dtí dáta is féidir iad a eagrú i bhfianaise staid na sláinte poiblí sa Bhallstát sin. I gcás ina gcuirtear an éisteacht phoiblí siar, ba cheart an Coimisiún a bheith in ann moill a chur ar ghlacadh na teachtaireachta uaidh ina leagtar amach a chonclúidí dlíthiúla agus polaitiúla maidir leis an tionscnamh go dtí 3 mhí tar éis na héisteachta poiblí a bheith déanta, chun go mbeidh an Coimisiún in ann aird chuí a thabhairt ar thorthaí na héisteachta.

(13) I gcás ina ndéantar an tréimhse bhailiúcháin, fíorúcháin nó scrúdúcháin a fhadú mar gheall ar na bearta a rinne na Ballstáit mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, ba cheart leis na tréimhsí coinneála le haghaidh ráitis tacaíochta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/788 a fhadú dá réir sin.

(14) De dheasca chineál tobann agus neamh-intuartha ráig COVID-19, agus na mbeart a rinne na Ballstáit, bearta a rinneadh a fhadú arís agus arís eile, chomh maith leis an bhfad ama a éilítear faoi na nósanna imeachta reachtacha chun bearta ábhartha a ghlacadh, níorbh fhéidir na bearta sealadacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo a ghlacadh in am a mhéid a bhaineann le roinnt tionscnamh aonair. Ar an gcúis sin, ba cheart an tréimhse roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a chumhdach leis na bearta sealadacha.

(15) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir le tionscnaimh a cláraíodh roimh an 1 Eanáir 2020 faoi Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], ar tionscnaimh iad a leanfaidh forálacha an Rialacháin sin i dtaca le bailiú na ráiteas tacaíochta agus i dtaca le fíorú agus deimhniú a dhéanfaidh na Ballstáit d'fheidhm a bheith acu maidir leo de bhun Airteagal 27 de Rialachán (AE) 2019/788.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir leis an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh (IO L 65, 11.3.2011, lch. 1).

(16) Toisc gur bearta sealadacha iad na bearta a rinne na Ballstáit mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, ba cheart tréimhse chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a theorannú freisin.

(17) I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, is gá agus is iomchuí go leagfar síos bearta sealadacha maidir leis na teorainneacha ama le haghaidh na gcéimeanna bailiúcháin, fíorúcháin agus scrúdúcháin dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2019/788 chun an bunchuspóir a ghnóthú, mar atá éifeachtúlacht ionstraim an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh le linn phaindéim COVID-19 a chaomhnú. Ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí arna saothrú a ghnóthú, i gcomhréir le hAirteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(18) Ba cheart an Rialachán seo a ghlacadh mar ábhar práinne, ionas go mbeidh cásanna éiginnteachta dlíthiúla a dhéanann difear do shaoránaigh, eagraithe, córais riaracháin náisiúnta agus institiúidí an Aontais chomh gairid agus is féidir, go háirithe i gcás inar críochnaíodh cheana féin na tréimhsí ama ábhartha le haghaidh ráitis tacaíochta a bhailiú agus le haghaidh fíorúchán agus scrúdúchán i leith roinnt tionscnamh nó i gcás ina bhfuil siad ar tí críochnú.

(19) I bhfianaise na práinne atá mar thoradh ar na himthosca eisceachtúla arbh í ráig COVID-19 ba chúis leo, measadh gurbh iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

(20) Ionas go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Ábhar*

Leis an Rialachán seo, leagtar síos bearta sealadacha is infheidhme maidir leis na tréimhsí bailiúcháin, fíorúcháin agus scrúdúcháin le haghaidh tionscnaimh Eorpacha chláraithe ó na saoránaigh faoi Rialacháin (AE) 2019/788 agus (AE) Uimh. 211/2011 ("tionscnaimh"), i gcomhthéacs na mbeart a rinne na Ballstáit mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19.

*Airteagal 2*

*Teorainneacha ama le haghaidh bhailiú na ráiteas tacaíochta a fhadú*

1. D'ainneoin Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2019/788 agus Airteagal 5(5) de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011, i gcás ina raibh bailiú na ráiteas tacaíochta le haghaidh tionscnaimh fós ar siúl an 11 Márta 2020, déanfar an uastréimhse bhailiúcháin a fhadú ar feadh tréimhse sé mhí i leith an tionscnaimh sin.

   I gcás inar cuireadh tús le ráitis tacaíochta le haghaidh tionscnaimh a bhailiú idir an 11 Márta 2020 agus an 11 Meán Fómhair 2020, déanfar an tréimhse bhailiúcháin a fhadú go dtí an 11 Meán Fómhair 2021 i leith an tionscnaimh sin.

Cuirfidh an Coimsiúin na heagraithe ar an eolas faoi na tionscnaimh lena mbaineann agus cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas faoin bhfadú dá bhforáiltear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír den mhír seo. Deánfaidh sé dáta deiridh nua na tréimhse bailiúcháin le haghaidh gach tionscnaimh a chur in iúl sa chlár ar líne dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/788.

2. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an uastréimhse bhailiúcháin le haghaidh ráitis tacaíochta le haghaidh tionscnaimh dá dtagraítear i mír 1 a fhadú tuilleadh, i gcás ina leanfaidh aon cheathrú ar a laghad de na Ballstáit nó roinnt Ballstát ina bhfuil breis agus 35 % de dhaonra an Aontais de bhearta a chur i bhfeidhm tar éis an 11 Meán Fómhair 2020 mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, ar bearta iad a chuireann bac mór ar chumas na n-eagraithe ráitis tacaíochta i bhfoirm páipéir a bhailiú agus an pobal a chur ar an eolas faoi na tionscnaimh atá fós ar siúl acu.

Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh freisin chun an uastréimhse bhailiúcháin le haghaidh ráitis tacaíochta le haghaidh tionscnaimh a fhadú, ar ina leith atá an bailiú fós ar siúl tráth a bheidh ráig nua COVID-19 ann i gcás ina ndéanann aon cheathrú ar a laghad de na Ballstáit nó roinnt Ballstát ina bhfuil breis agus 35 % de dhaonra an Aontais bearta a chur i bhfeidhm a dhéanann difear diúltach d’eagraithe na dtionscnamh sin sa mhéid céanna leis na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír.

Sna gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír, sainaithneofar na tionscnaimh atá i gceist agus dáta deiridh nua a dtréimhse bailiúcháin.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 6(2).

Mairfidh gach fadú faoin mír seo trí mhí.

Chun críoch an mheasúnaithe a dhéanfaidh an Coimisiún i dtaobh an gcomhlíontar na ceanglais maidir le gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír a ghlacadh, déanfaidh na Ballstáit faisnéis a sholáthar don Choimisiún, arna iarraidh sin, maidir leis na bearta atá déanta acu nó atá beartaithe acu a dhéanamh mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 nó mar fhreagairt ar ráig nua COVID-19.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra faoina chinneadh do na heagraithe agus cuirfidh sé na Ballstáit ar an eolas faoi aon fhadú arna dheonú i leith gach tionscnaimh lena mbaineann. Foilseoidh sé a chinneadh sa chlár ar líne dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/788.

3. D’ainneoin mhíreanna 1 agus 2, ní rachaidh fad iomlán na tréimhse bailiúcháin thar 24 mhí.

*Airteagal 3*

*Teorainneacha ama le haghaidh fhíorú na ráiteas tacaíochta ag na Ballstáit a fhadú*

1. D’ainneoin Airteagal 12(4) de Rialachán (AE) 2019/788 agus Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 211/2011, i gcás ina measann Ballstát nach mbeidh sé indéanta, de bharr na mbeart a rinne sé mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, fíorú na ráiteas tacaíochta le haghaidh tionscnamh ar leith a chur i gcrích laistigh den tréimhse a leagtar síos sna forálacha sin, féadfaidh sé iarraidh réasúnaithe a chur isteach maidir le fadú a chur leis an tréimhse sin. Cuirfear an iarraidh sin faoi bhráid an Choimisiúin mí amháin ar a dhéanaí roimh dheireadh na tréimhse lena mbaineann.

2. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar iarraidh a cuireadh isteach i gcomhréir le mír 1, go gcomhlíontar na ceanglais a leagtar síos sa mhír sin, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme lena ndeonaítear fadú ar an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 don Bhallstát lena mbaineann. Ní bheidh an fadú níos lú ná mí amháin ná níos faide ná trí mhí.

3. Tabharfaidh an Coimsiúin fógra faoina chinneadh don Bhallstát agus cuirfidh sé eagraithe an tionscnaimh lena mbaineann ar an eolas faoin bhfadú. Foilseoidh sé a chinneadh sa chlár ar líne dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/788.

*Airteagal 4*

*Teorainneacha ama le haghaidh scrúdú na dtionscnamh bailí a fhadú*

1. D'ainneoin Airteagail 14(2) agus 15(1) de Rialachán (AE) 2019/788, i gcás ina raibh deacrachtaí ag an gCoimisiún nó ag Parlaimint na hEorpa tar éis an 11 Márta 2020 maidir le cruinniú leis na heagraithe nó éisteacht phoibí a eagrú, faoi seach, mar gheall ar na bearta a rinne an Ballstát mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, arb é an Ballstát é ina bhfuil sé beartaithe ag na hinstitiúidí sin an cruinniú nó an éisteacht a eagrú, eagróidh siad é a luaithe is féidir de réir staid na sláinte poiblí sa Bhallstát lena mbaineann, nó, i gcás ina gcomhaontaíonn na heagraithe páirt a ghlacadh sa chruinniú nó san éisteacht go cianda, a luaithe a bheidh siad in ann comhaontú leis na hinstitúidí faoi dháta ina leith.

2. D'ainneoin Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) 2019/788, i gcás ina gcuireann Parlaimint na hEorpa an éisteacht phoiblí siar de bhun mhír 1 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún a theachtaireacht lena leagtar amach a chonclúidí dlíthiúla agus polaitiúla maidir leis an tionscnamh laistigh de thrí mhí tar éis na héisteachta poiblí.

*Airteagal 5*

*Teorainneacha ama le haghaidh choinneáil na sonraí pearsanta a fhadú*

1. D'ainneoin Airteagal 19(5) de Rialachán (AE) 2019/788, i gcás ina ndéantar an uastréimhse bhailiúcháin nó an tréimhse fíorúcháin le haghaidh tionscnamh ar leith a fhadú i gcomhréir le hAirteagal 2 nó 3 den Rialachán seo, déanfar an teorainn ama 21 mhí ar lena linn nach mór ráitis tacaíochta agus cóipeanna díobh a scriosadh a fhadú ar feadh na tréimhse céanna.

2. D'ainneoin Airteagal 19(8) de Rialachán (AE) 2019/788, i gcás ina ndéantar an uastréimhse bhailiúcháin, fíorúcháin, nó scrúdúcháin le haghaidh tionscnamh ar leith a fhadú i gcomhréir le hAirteagal 2, 3 nó 4 den Rialachán seo, déanfar na teorainneacha ama ar lena linn nach mór taifid de sheoltaí ríomhphoist a scriosadh a fhadú ar feadh na tréimhse céanna.

*Airteagal 6*

*Nós imeachta coiste*

1. Tabharfaidh an coiste ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, a bunaíodh le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) 2019/788, cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de bhrí bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 7*

*Cur i bhfeidhm cúlghabhálach*

Beidh éifeacht chúlgabhálach ag Airteagail 2 go 5 i dtaca le tionscnaimh inar críochnaíodh an tréimhse bhailiúcháin, an tréimhse fíorúcháin nó an tréimhse scrúdúcháin idir an 11 Márta 2020 agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

*Airteagal 8*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*